LITIR SHASANA

Ag Breaṫnú Siar

Dónall Mac Amhlaibh

Oíċe dá raiḃ muid istiġ sa Railway Tavern i mBaile Ḃeag Diss i Norfolc — mé féin, Caṫal Ó Máille, Gionnánaiġ Ċeaṫrú Ṫaidġ agus cuid de muintir Ḃéal Áṫa an Ḟéaḋa ag ól deoraċ — sea ṫárla sé. Ḃí comórtas ċaiteaṁ dartanna ar bun an oíċe ċéanna sin agus bí an teaċ ag cur ṫar maoil; coṁ lua agus a ḃí an cluiċe dartanna ṫart cuireaḋ ceapairí timpeall ar a raiḃ sa láṫair (mar is nós ar óċáidí den tsaġas sin i Sasana) agus tosaíoḋ ar aṁráin a ġaḃáil — na sean-aṁráin sin de ċuid na halla ċeoil a mbíonn na Sasanaiġ coṁ tóiriúil sin i gsónaí orra. Ḃí ḟear ag seinm ar an bpiano agus ar m'anam péin nár ḃascta ḋó in éadan an ṁeaisín céanna údan.

Ḃí mise mé féin sonasaċ go leor ag éisteaċt leis an dream eile seo ag canaḋ agus ag gleo aċ ḃ'ḟearr leis na buaċaillí a ḃí i mo ċuideaċtain a gceoltóir féin a ḃeiṫ ann ċun píosa den ċineál sin ċeoil a ṫuigfidís a ċroċaḋ suas ḋóiḃ. Caḋlaċ as Muine Ċonláin (sílim) a ḃí anseo aċ sé'n áit a raiḃ an mac údan ṫall sa lóistín.

Caṫal Ó Máille, sílim aḋúirt go mba ceart fios a ċur ar an gCaḋlaċ agus a ċáirdín. Ḃí an Caḋlaċ é féin ṫéis a lóistín aṫrú faoi seo agus bí sé ag cur faoi sa Transport Cafe amaċ ar aġaiḋ an Railway Tavern. Níor deacar an Caḋlaċ a ṁeallaḋ anall as an lóistín, muis. agus ṫug sé leis an ḃosca. Ansin nuair a ṫáinic sos i gceol an dream eile d'iarr muid féin ar an gceoltóir seo againn féin streancá a ċasaḋ. Ċaiteá am a ċur amú ar dtús leis an gCaḋlaċ, ag ṫáṫaint air port a ċasaḋ, mar ḋóí ḋé go mba ḃeug a spéis ann; aċ ansin nuair a d'éisteá leis ṫosuíoḋ sé ag fiodleáil le na cnapaí nó go n-iarrfá arís air.

"T'anam ón diaḃal aċ cas port má tá tú le'n a ċasaḋ agus ná bí ag panaċt go n-iarrfar seaċt n-uaire ort é," arsa Jim, go mí-ḟóideaċ, leis.

Ṫosuiġ an Caḋlaċ agus ċas cúpla ḃálts ar an sean nós ar dtús agus ansin cúpla port nua-aoiseaċ. Ṫaiṫn siad sin ṫar cion leis an gcoṁluadar agus ár ndó ba ṡin a ḃí uaiḋ — iad a ṁeallaḋ le'n a gceol féin ar dtús sul ma ṫosaḋ sé ar an gceol Gaelaċ. D'ḟearr liom féin go mór naċ mbeuḋ sé ann ċor ar biṫ mar dá ṁéad é mo ḋúil i gceol Gaelaċ bí fios agam go mba é ba móide ná gur caint agus easċáirdeas a ṫairrgneóḋ an dá ċineál ceol béidir gan aon ḟonn mór ar ċeaċtar den dá ḋream beiṫ ag éisteaċt le ceol an dreama eile. Aċ níor ḋúirt mé a ḋaṫ. Ḃí fios agam go gceapaḋ na leadsaí seo a ḃí liom gur ag loiċeaḋ ortu agus ar Éirinn a ḃéinn dá noċtinn m'intinn leo.

Nuair a ḃí na Sasanaiġ meallta ag an gCaḋlaċ. ċas sé cúpla sig agus dár m'anam gur ṫaiṫn siad sin beagnaċ coṁ maiṫ céanna leo. Aċ ṫéis dó sé nó seaċt gcinn de ríleanna a ṡeinm in ḋiaiḋ a ċéile ṫosaiġ an coṁluadar ag éirí mí-ṡásta agus coṁ lua is a ḃfuaireadar an uain ċuir siad iallaċ ar a ḃfear féin tosú ag seinm an piano arís.

"Na," arsa an gCaḋlaċ, "ní ṫaiṫníonn ceol Gaelaċ leo — níl gean ar biṫ ar an bPáid ag na diaḃail seo!"

"Uċt Dé ort agus ná tosaiġ ar an bport sin nó tá's agat go maiṫ an deire a ḃéas leis," adeirimse.

"Mar sin féin ba ceart 'turn about' a ḃeiṫ ann," arsa Aindriú Ó Gionnáin. Ḃí streall maiṫ caiṫte siar ag Aindriú an uair seo, agus bí sceón ag teaċt 'na ṡúile.

Is mar sin a ḃí sé ar fea an cuid eile den oíċe, an Caḋlaċ ⁊ fear an ṗiano ag seinm leo 'ċaon tarna seaḋ sa gcaoi agus nár ḟéad éinne ḃeiṫ ag clamsán. Trío is trío ḃain muid féin agus na Sasanaiġ an-ċeart dá ċéile nó gur ḟógair an ostóir "Time. gentlemen, please!"

Ċuir muinntir Scole gota imṫeaċta ortu féin ansin aċ sul má ḃog siad ċun siúil ċan siad "Auld Lang Syne" mar a ḋeineann na Sasanaiġ i gcónaí ar críoċnú oíċe scléipe ḋóiḃ. Ḃí an Caḋlaċ 'na ṡuí agus a ċúl le balla aige agus is ar éigin a ḃí an dream eile críoċnú ag aṁranaíoċt nuair a ṫosaiġ sé ag túirt amaċ céad-nótaí Aṁráin na ḃFian.

"Dí-leáġaḋ go deo ort," adeirimse, "cé le h-aġaiḋ a dteastuíonn uait an port sin a ċasaḋ? Naċ maiṫ nár ċas an dream eile seo a n-aṁrán náisiúnta féin? Scaoil ṫarat é an géaḃ seo, a ḋuine, nó tairringeóiḋ tú aċrann."

"Níl beann ar biṫ agamsa ar na diaḃail" ar seisean go gairgeaċ agus ṫosaiġ leis dá ċasaḋ.

Ní mó ná sásta a ḃí na buaċaillí eile ar ḃealaċ, mar gur ṫomais siad fearaċt mé féin, naċ le teann grá dá ṫír a ḃí an Caḋlaċ dá ḋéanaṁ aċ ag túirt dúḃṡlán na Sasanaċ.

"Ḃeul. dein do roġa rud, aċ níl mise dul ag seasaṁ ar aire," arsa mé féin. Ṡeas na buaċaillí eile ansin, duine ar ḋuine agus d'ḟan ina ṡeosaṁ nó go raḃ an t-aṁrán seinnte . NaSasanaiġ a ḃí ar tí imṫeaċt roiṁe seo, ḃain siad fúṫa arís agus ar an ndá lua is ḃí an Caḋlaċ réiḋ le Aṁrán na ḃFian ṫosaiġ a gceoltóir sin ag seinm God Save The Queen, go duḃṡlánaċ.

"Nuair nár ṡeas mé do Aṁrán Náisiúnta mo ṫíre féin ní ṡeasfaiḋ mé di seo," arsa mé féin agus d'ḟan mé mo ṡuí.

D'ḟan na buaċaillí eile ina ṡuí freisin agus sul má ċríoċnaiġ muinntir Scole a n-aṁrán náisiúnta féin ḃí an tsean ġráin sin a ḃí ag an dá Ċine ar a ċéile ó ċianta dá ḟadú go mear arís ⁊ ṫarraingeóḋ an rud ba lua sa ndoṁain clampar eadtorra.

Scaoil muid an dream eile amaċ roṁainn agus ansin nuair a ċuamar amaċ ar an tsráid ṡeas muid ag seanċuis ar fea scaṫaṁ. D'imṫiġ na Sasanaiġ duine ar ḋuine, aċ níor ḟága siad slán againn. ná níor ċuir muid a mbeannaċt leo. Is mar sin a ṫarraingíos easpa ṫuiscín agus stucántaċt aiġneas agus fuaṫ idir ċiníoċaí éagsúla.

Ṫosaiġ na buaċaillí eile ag éirí tuirseaċ de ḃaile Diss agus den tséaraċ ṫart faoin am seo. Ḃa nós leo téarma a ċaiteaṁ ag obair do na feilméaraí an tráṫ seo ḃliana i gcónaí — ag baint féir le speulaiḃ ar na díogannaí ṫart faoi na Fenna. Ṡaoṫrúidís an-ṗaí go deo ar an obair seo agus ar a gcríoċnú sin ḋóiḃ ṫeigfidís i mbun an ḃiataissiúicre, dá dtarraingt ar an oiread seo an aċra. Ní raḃ caint ar biṫ ag Miċeál ar imṫeaċt mar go raḃ post ṁaiṫ seascar ansin aige mar ṡaoiste aċ ba léir ar an gcuid eile naċ ḃfanaḋ siad aḃfad eile. Pat agus Aindriú an ċéad ḃeirt a d'árduiġ a seólta agus ní raḃ sé aḃfad ansin gur ṫóg Jim agus Caṫal ina gcloigeann an bóṫar Sa ḃualaḋ. Ní ḃeaḋ grait ar biṫ agam féin ag dul leo mar naċ raḃ aon scil sa spealadóireaċt agam. Aċ is tógálaċ an galra é an mí-ṡuaiṁneas agus níor ḃfada ina ḋiaiḋ sin gur ḃuail an toċas mo ḃonnaċaí féin. Ag toċailt sa dtrínnse a ḃí mé an lá seo—ḃeaḋ sé trí lá nó mar sin ṫéis do Jim agus Caṫal a ḃeiṫ imiṫe — nuair glac mé 'mo ċeann féin é go mbuailfinn bóṫair. Deaṁain blas ar biṫ a rinne mé aċ an tsluasaid a leagaint uaim agus an dá ṗíosa ruóig a ḃí ṫart faoi ċosa mo ḃríste a scaoileaḋ. Ċuaiġ mé suas ċuig an oifig agus ḋúirt mé leis an gcléireaċ gur ṫeastaiġ mo ċuid cártaí uaim.

Dónall Mac Aṁlaiġ.

Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Tá toradh scrúdúcháin na hArd - Teistiméireachta ar fáil le seachtain — agus d'éirigh go fónta leis na micléinn atá ag dul chun tosaigh mar ábhair - múinteoirí: is dóiche go nglaofar orthu uile chun an Choláiste Oiliúna. Ina measc, tá: Proinsí O Brolcháin, mac de Mhicí (nach maireann) agus den Bheantreach Uí Bhrolcháin, Gorta Mór (5 onóracha); Philimín Ní hEochaidh, 'níon de Mháire Eibhlín Bean Uí hEochaidh, as Doire Chasáin (5 onóracha); Seán Mac Ghiolla Chearra, mac de Seárlaí agus Bean M. G. Chearra, as Gorta Mór: 4 onóracha; Micheál Mac Laifeartaigh, mac de Dhoncha (nach maireann) agus den bhaintreach Mh. G. Chearra (3 onóracha); S. M. Mac Giolla Bhríde, mac de Ned agus Bean Mhic Ghiolla Bhríde, Doire Chasain (2 onóir); Eibhlín Ní Dhochartaigh, 'níon de Shéamus O Dochartaigh agus dá mhnaoi-chéle as Dún Domhain (2 onóir).

De thoradh na haimsire mí-fhónta atá againn anois le nachmór mí, níl bunadh na n-óstán agus na dtithe aíochta ró-shásta leis an méid custaiméireachta a tháinig an bealach seo i rith mhí Lúnasa. Ní fhéadfaí a chur i gcoimhneas leis an tréimhse fhada ghréine le linn mhí na Súl Bhuí, nuair nach raibh suíomh folamh i bpáirc na gcarabhán. Fiú amháin nach bhfeictear nó nach bhfachtas aon duine ag snámh i gCuan na Long le trí seachtainí. Is beag bréagadh sna tonnta le linn doininne.

Bhí Easpag Rathbhoth, an Dr. Ró-Urr. Mhac Aolaidh i dteach-phobail Charraig Airt ag Aifreann a 11.00 a.m. Dé Domhnaigh, 29ú inst., go dtug an tSacraimint do os cionn 100 de pháistí - scoile na paróiste.

Maidin Dé Domhnaigh, go luath, a d'éag Gráinne Baintreach Uí Gallchobhair, i gCarraig Airt — máthair Aoidh (nach maireann) agus iar-dheirfiúr de Den Anton O Gallchobhair, Gorta Mór.

Ardú Íoċaíoċta Leasa Sóisialaiġ

Tá sé á fógairt ag an Roinn Leasa Sóisialaiġ go ḃfuil na híocaíoċtaí Cúnaiṁ Sóisialaiġ ardaiṫe agus go ḃfuil feaḃsuiṫe eile déanta ar na seirḃísí Cúnaiṁ Sóisialaiġ mar a leanas;—

Tá Pinsin Seanaoise agus Pinsin do Ḋaoine Dalla (Neaṁranníocaċ) á méadú 10s. an tseaċtain i gcás pinsinéirí naċ mó a n-acṁainn ḃliantúil ná £26-5-0d. agus á méadú 5s. i ngaċ cás eile. Is iad na rátaí nua 47s. 6d, 42s. 6d, 37s. 6d, 32s. 6d, 27s. 6d, 22s 6d, 17s 6d, 12s. 6d, agus 7s. 6d. Tá an ráta a ḃeiḋ le híoc ag braṫ ar ṁéid na hacṁainne. Tá an teorainn acṁainne ḃliantúla £143-15-0d. le haġaiḋ pinsin á árdú go dtí £156-15-0d; tá an teorainn á ardú i gcás duine le leanḃ cáiliṫe aṁáin go dtí £182-15-0d. ⁊ a gcás duine le beirt leanḃ ċáiliṫe go dtí £208-15-0d. Cuirfear £13 leis an teorainn sin i gcás gaċ linḃ ċáiliṫe de ḃreis ar beirt.

Ar na feaḃsuiṫe eile maidir leis an gcóras pinsin atá á gcur i ḃfeiḋm ón 1ú Lúnasa, tá: go méadófar an méid ioncaim ó ṫuillim naċ gcuirfear san áireaṁ nuair a ḃeiḋ acṁainn pinsinéirí dalla á ríoṁ; naċ gcuirfear ioncam ó eagraíoċtaí carṫanúla san áireaṁ nuair a ḃeiḋ acṁain á ríoṁ; go méadófar go dtí 20s. sa tseaċtain an méid a féadfaiḋ údaráis ospidéil a laṁáil, as pinsin, d'oṫair áiriṫe a ḃeiḋ á gcoinneáil in ospidéil meaḃair-ġalar. I gcás daoine a ḃeiḋ ag éileaṁ pinsean agus a ḃeiḋ ag fáil blianaċtaí talaṁċeannaiġ as díol gaḃáltas le Coimisiún na Talún faoi Alt 6 den Aċt Talún, 1965, fágfar suas go £3 sa tseaċtain de ḃlianaċt gan cur san áireaṁ nuair a ḃeiḋ acṁainn á ríoṁ.

Tá Pinsin Baintreaċ Neaṁranníocaċa á méadú 10s. sa tseaċtain i gcás pinsinéirí nó ná £26-5-0d. a n-acṁainn ḃliantúil agus 5s. i ngaċ cás eile. Tá £13 eile á ċur le teorainn na hacṁainne bliantúla ionas go ḃféadfar pinsean 6s. sa tseaċtain ar a laġad a íoc le baintreaċa a ḃfuil n-acṁainn bliantúil díreaċ lasmuiġ den teorainn a ḃí ann ċeana, e.g. íocfar 6s. sa tseaċtain le baintreaċ naċ mbeiḋ aon leanḃ cáiliṫe aici agus ar mó ná £143-15-0d. aċ naċ mór ná £156-15-0d. a hacṁainn ḃliantúil agus íocfar 6s. sa tseaċtain le baintreaċ a mbeiḋ beirt leanḃ ċáiliṫe aici más mó ná £195-15-0d. aċ naċ mór ná £208-15-0d. a hacṁainn ḃliantúil.

De ḋroim na n-aṫruiṫe a ṫiocfaiḋ i ḃfeiḋm ón 1 Lúnasa ar an slí ina n-áireofar acṁainn ḃliantúil baintreaċ déanfar £39 a asḃaint i gcás gaċ linḃ ċáiliṫe as an méid a ṫuillfiḋ baintreaċ lena saoṫar pearsanta féin; roiṁe sin ní laṁáltgí asḃaint mar sin aċ aṁáin ó ṫuilleaḋ i ḃfostaíoċt ináraċaiṫe; de ḋroim na n-aṫruiṫe sin freisin ní ċuirfear san áireaṁ ioncam ó eagraíoċtaí carṫanúla; beiḋ teorainn £26, i gcás linḃ aṁáin, nó teorainn £52 i gcás beirt leanḃ nó níos mó, leis an acṁainn ḃliantúil de ċuid leanaí cáiliṫe a áireofar ar acṁainn baintrí; roiṁe sin áirítí ar acṁainn na baintrí acṁainn ḃliantúil uile beirt leanḃ ċáiliṫe ar a ṁéid.

Tá Pinsin Dilleaċtaí Neaṁranníocaċ á ṁéadú 5s. sa tseaċtain ag an ráta íosta ón 1 Lúnasa, 1965. Tá rátaí eile á méadú 4s. nó 4s. 6d. sa tseaċtain agus tá £6-12-6d á ċur le teorainn na hacṁainne bliantúla ionas go ḃféadfar pinsean íosta nua 4s. a íoc le dilleaċtaí a raiḃ a n-acṁainn díreaċ lasmuiġ den teorainn acṁainne roiṁe sin. Tá liúntais leanaí á n-íoc de réir dúbailt an gnáṫ ráta i gcás triúr leanḃ nó níos mó a ṡaolú nó d'aon toirḃirt aṁáin fad a ḃeiḋ triúr leanḃ díoḃ cáiliṫe ċun an liúntas a ḟáil.

Tá Cúnaṁ Díḟostaíoċta á méadú 10s. sa tseaċtain ón 1 Lúnasa, 1965. i ngaċ limistéir i gcás iarratasóra a ḃfuil duine aosaiṫe ina ċleiṫiúnas agus 5s. sa tseaċtain i gcás iarratasóra naċ ḃfuil duine aosaiṫe ina ċleiṫiúnas. Ní gá aon iarrtas speisialta a ḋéanaṁ ar na rátaí méadaiṫe sin.

Is féidir freisin, de ḃun an Aċta seo, deiṁniú cáilíoċta a taḃairt le héifeaċt cúlġaḃálaċ siar go dtí dáta iarrṫa an deiṁniṫe. De ṫoraḋ an aṫraiṫe seo féadfar cúnaṁ díḟostaíoċta a íoc i gcásanna iomċuí i leiṫ aon tréiṁse dḟostaíoċta a ṫarlóiḋ le linn an t-iarratas ar ḋeiṁniú cáilíoċta a ḃeiṫ á ḃreiṫniú.

Teorainn Luaċ Saoṫair

I dteannta na ḃfeaḃsuiṫe sin roiṁ seo ar na Scéimeanna Cúnaiṁ Sóisialaiġ tá aṫrú táḃaċtaċ á ḋéanaṁ ag an Aċt sa Scéim Áraċais Sóisialaiġ — an teorainn le haġaiḋ áraċais atá faoi láṫair ar ioncam bliantúil oibriṫe, naċ saoṫraiṫe láiṁe iad, a ardú ó £800 go dtí £1,200. Tá ordú faoi'n Aċt déanta ag an Aire ag cur na teorann nua i ḃfeiḋm le héifeaċt ó 6 Meán Fóṁair. 1965, nuair a ċaiṫfiḋ gaċ uile oibrí naċ saoṫraí láiṁe a ḃí gan áraċas mar ġeall ar an teorainn £800 dul faoi áraċas go héigeantaċ muna mbeiḋ níos mó ná £1,200 sa ḃliain á ṫuilleaṁ aige.

Tá socrú san Aċt freisin le haġaiḋ rialaċáin a ḋéanaṁ ionas go ḃféadfar ranníocaíoċtaí a ċur i gcreidiṁeas do ḋaoine a tugaḋ arais faoi áraċas de ḃarr an teorainn a ardú. Taḃarfaiḋ na ranníocaíoċtaí sin a ċuirfear i gcreidiṁeas dóiḃ cosaint áraċais dóiḃ láiṫreaċ maidir le soċair ḋíḟostaíoċta, míċumais agus ċóireála. Ní ċuirfear san áireaṁ iad le haġaiḋ pinsin baintreaċ (ranníocaċ) ná le haġaiḋ pinsin seanaoise (ranníocaċ) toisc go ḃféadfaí an teideal ċun na soċar sin a ċoinneáil ar marṫain le ranníocaíoċtaí saorálaċa.

An Roinn Talṁaíoċta agus Iascaiġ

Coṁpáirteanna Tí Ġloine le Díol

Iarrtar tairiscintí ar coṁpáirteanna tí ġloine 72' x 15' a ċeannaċ. Féadfar mioneolas i dtaoḃ na gcoṁpáirteanna a ḟáil ón Oifigeaċ - i - gCeannas, Stáisiún na dTiṫe Gloine, Indreaḃán, Co. na Gaillime (Teil. Indreaḃán 3). Féadfar na coṁpáirteanna a iniúċaḋ aċ socrú ċuige sin a ḋéanaṁ roiṁré.

Is cóir gaċ tairiscint a ṡeolaḋ go dtí an Rúnaí, An Roinn Talṁaíoċta agus Iascaiġ (Rannóg 23), Baile Áṫa Cliaṫ 2, i gclúdaċ séalaiṫe a mbeiḋ "Tairiscint i leiṫ Coṁpáirteanna Tí Ġloine" scríofa air. agus ní mór í ḃeiṫ in oifigí na Roinne ag 5 p.m. ar 13 Meán Fóṁair, 1965, ar a ḋéanaí. Ní ḃeiḋ aon ċeangal ar an Aire glacaḋ leis an tairiscint is mó nó le tairiscint ar biṫ.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.